Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Topaic: Tacú le folláine mhothúchánach agus sóisialta páistí trí cháipéisíocht (Breith – 6 bliana)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus *Síolta* araon ar a thábhachtaí atá sé cuidiú le páistí a bheith chomh hinniúil agus chomh muiníneach agus is féidir.

Sa seisiún gairid FGL seo, feicfidh tú mar is féidir sampla de cháipéisíocht dhearfach a úsáid le tacú le folláine mhothúchánach agus sóisialta páistí. Tarraingítear aird sna hacmhainní a moltar do dhaoine breathnú orthu, iad a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, ar an gcaoi ar féidir cuidiú le páistí, ach rudaí dearfacha a aimsiú le rá fúthu, iad féin a fheiceáil trí pheirspictíocht dhearfach.

***Príomhnaisc***

- Téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais in *Aistear*
- *Síolta* Caighdeán 1: Cearta an pháiste

**Trí ionchais arda a bheith ann do gach páiste, cuideofar leo fás ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha inniúla.**

| | | ✓ |
|---|---|---|
|  | Cuirtear tús leis an mír ghairid FGL seo le físeán 4-nóiméad a léiríonn an chuma a bheadh ar an bhfolláine i suíomh luath-óige. | |
|  | San fhíseán 4-nóiméad seo, labhraíonn an Dr Justine Howard ar a thábhachtaí atá folláine páistí agus pléann sí acmhainní agus straitéisí chun tacú leis an bhfolláine. | |
|  | Breathnaigh ar an bhfíseán 6-nóiméad, Supporting emotianal and social development through documentation – 1, go gcluine tú Wendy Lee, Stiúrthóir Thionscadal na Ceannasaíochta Oideachasúla sa Nua-Shéalainn, agus í ag léiriú mar a tiontaíodh eispéiris gasúir bhig amháin bunoscionn trí idirghabháil ó oideachasóirí freagrúla luathbhlianta. | |
|  | Breathnaigh ar an bhfíseán 5-nóiméad, Supporting emotianal and social development through documentation – 2, go gcluine tú Wendy Lee ag míniú mar is féidir iompar páistí a athrú ó bhonn trí cháipéisíocht dhearfach. | |

| | | |
|---|---|---|
| | Labhraíonn Wendy Lee ar a thábhachtaí atá sé rudaí dearfacha a dhoiciméadú faoi gach páiste. Léigh Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú go bhfaighe tú roinnt smaointe ar bhealaí leis seo a dhéanamh. | |
| | Léigh na hacmhainní seo maidir le bheith ag cuidiú le páistí meon dearfach a fhorbairt i leith na foghlama (breith – 3 agus 3 – 6) chun tuiscint níos doimhne a fháil ar an gcaoi a mbíonn na meonta a bhíonn ag páistí ó nádúr éagsúil agus mar is féidir tionchar a bheith ag na hidirghníomhuithe agus caidrimh duine fásta-páiste, agus ag na heispéiris a fhaigheann páistí, ar fhorbairt na meonta dearfacha foghlama. | |
| | Úsáid rannán amháin den cholún de chuid Treoir Chleachtais *Aistear Síolta, an* Uirlis féinmheastóireachta: Pleanáil agus Measúnú, le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann do chleachtas i dtaca le foghlaim agus forbairt páistí a dhoiciméadú gach aon pháiste a léiriú mar fhoghlaimeoir cumasach inniúil. | |

| | |
|---|---|
| | **Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh**<br><br>**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Céard atá ag oibriú go maith duit sa réimse seo? Cé na dúshláin a raibh ort plé leo sa réimse seo? Céard a dhéanfaidh tú ar bhealach difriúil amach anseo? |
| | |
| | **Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .**<br><br>**Ceisteanna le haghaidh Machnaimh:** Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe a bhfuil sé beartaithe agat iad a dhéanamh ar do chleachtas Cén chaoi a mbeidh tionchar dearfach ag na hathruithe seo ar fhoghlaim agus forbairt páistí? Smaoinigh ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil uait. Cad iad na gnéithe den obair seo ar mhaith leat tosaíocht a dhéanamh díobh agus díriú orthu sna seachtainí beaga atá romhainn? |

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

| | |
|---|---|
| | Nasc chuig an Treoir Chleachtais Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta |

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar www.aistearsiolta.ie

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.